
# An Teilifís



Tamall ó shin cheannaigh Daidí teilifíseán daite sa chathair. Thug beirt fhear go dtí an teach é. Chuir siad **aeróg** ar an simléar. Chuir siad an teilifíseán sa seomra suite. Nuair a bhí na ceachtanna déanta Dé hAoine chuir Mamaí an teilifíseán ar siúl. Bhí popamhránaí ag canadh. Níos déanaí bhí clár ar siúl mar gheall ar **bhleachtaire.** Bhí an bleachtaire ag iarraidh breith ar **robálaí** i Nua-Eabhrac. Thaitin an clár sin go mór le Liam. Ina dhiaidh sin léigh an **léitheoir** an **nuacht**. Bhí **fógraí** ar siúl gach deich nóiméad. Níor thaitin na fógraí leis na páistí.

**Foclóir:**
**teilifíseán daite,** colour TV set
**aeróg,** aerial
**popamhránaí,** pop-singer
**bleachtaire,** detective
**fógraí,** advertisements

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**
1. Cé a thug an teilifíseán go dtí an teach?
   — Daidí.
   — fear an phoist.
   — beirt fhear.

2. Céard a rinne Mamaí nuair a bhí na ceachtanna déanta Dé hAoine?
   — D'ullmhaigh sí an dinnéar.
   — Rinne sí cáca.
   — Chuir sí an teilifíseán ar siúl.

3. Cad a bhí ar siúl gach deich nóiméad?
   — an nuacht.
   — fógraí.
   — ceol.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**
1. Chuir siad — ar an simléar.
2. Cheannaigh Daidí — — sa chathair.
3. Bhí an bleachtaire ag iarraidh breith ar — .
4. Ina dhiaidh sin léigh an — an — .

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
aeróg, teilifíseán, fógraí, léitheoir, bleachtaire, robálaí, nuacht.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**
1. Cén sort teilifíseáin a cheannaigh Daidí?
2. Cár chuir na fir an aeróg?
3. Cathain a chuir Mamaí an teilifíseán ar siúl?
4. Cén clár a thaitin le Liam?
5. Cé a bhí ag canadh ar an teilifís?
6. Cén fáth nár thaitin na fógraí leis na páistí?
7. Ainmnigh an clár teilifíse is fearr leatsa.

**Gramadach 12**
1. **Na hUimhreacha Pearsanta:**
   **Scríobh na hUimhreacha Pearsanta ag tosú mar seo:**
   duine, beirt, . . . . . . . . . . . deichniúr.
2. Thaitin an clár sin go mór **le Liam**.
   (mise, tusa, eisean, ise, sinne, sibhse, iadsan.)